NUI Galway
OÉ Gaillimh

# Ról na Comhairle Acadúla

## 1. Comhthéacs Reachtúil na gComhairlí Acadúla in earnáil Ollscoileanna na hÉireann

Faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, leanann socruithe rialachais ollscoileanna na hÉireann samhail an dá sheomra; bíonn freagracht iomlán ar na hÚdaráis Cheannais as na hOllscoileanna a rialú agus bíonn freagracht ar leith ar Chomhairlí Acadúla as gnóthaí acadúla na n-ollscoileanna a rialú. Déantar foráil, go sonrach, in alt 27 d'Acht na nOllscoileanna, 1997 go mbeidh '*ag gach ollscoil comhairle acadúil a dhéanfaidh ... rialú ar ghnóthaí acadúla na hollscoile, lena n-áirítear curaclam na hollscoile, agus an teagasc agus an t-oideachas a sholáthróidh an ollscoil*'.

## 2. Freagrachtaí na Comhairle Acadúla

Leagtar amach san Acht na freagrachtaí seo a leanas don Chomhairle Acadúil:

*(a) cláir staidéir a cheapadh agus a fhorbairt,*
*(b) struchtúir a bhunú chun na cláir sin a chur i ngníomh,*
*(c) moltaí a dhéanamh maidir le cláir chun taighde a fhorbairt,*
*(d) moltaí a dhéanamh a bhaineann le mic léinn a roghnú, a ligean isteach, a choinneáil agus a eisiamh i gcoitinne,*
*(e) foirm agus ábhar na reachtanna a dhéanfar maidir le gnóthaí acadúla na hollscoile a mholadh, lena n-áirítear scrúduithe a reáchtáil, torthaí scrúduithe a chinneadh, na nósanna imeachta le haghaidh achomharc ó mhic léinn in aghaidh thorthaí na scrúduithe sin agus meastóireacht ar dhul chun cinn acadúil,*
*(f) moltaí a dhéanamh le haghaidh comhaltachtaí, scoláireachtaí, sparánachtaí, duaiseanna nó gradaim eile a dhámhachtain,*
*(g) socruithe ginearálta a dhéanamh le haghaidh comhairliú teagaisc nó comhairliú acadúil eile,*
*(h) aon fheidhmeanna eile a chomhlíonadh, nach bhfuil ar*

*neamhréir leis an Acht seo, agus a tharmligfidh an t-údarás ceannais chuige,*
*(i) aon reachtanna agus rialacháin arna ndéanamh ag an údarás ceannais agus a bhaineann le haon cheann de na nithe dá dtagraítear san fho-alt seo, a chur i ngníomh.*

## 3. Cén ról atá ag an gComhairle Acadúil?

Tá ról ríthábhachtach ag an gComhairle Acadúil maidir le treo acadúil na hOllscoile a leagan síos. Ó rinneadh athrú ar Reacht na hOllscoile, leathnaíodh ballraíocht na Comhairle Acadúla. Tá an leagan nua i bhfeidhm ó Dheireadh Fómhair 2018 agus tá an bhallraíocht bunaithe ar na Coláistí, agus ionadaithe air ó na gráid acadúla go léir, ó thaighdeoirí, Léachtóirí, Léachtóirí Sinsearacha agus Ollúna, chomh maith le Cinn Scoile agus mic léinn; sin 100 comhalta san iomlán mar aon le ballraíocht *ex officio* lena n-áirítear Leas-Uachtaráin, Stiúrthóirí na nAonad Tacaíochta Acadúla agus Déin. Faoi chathaoirleacht an Uachtaráin, déanann an Chomhairle a gnó trí roinnt fochoistí lena n-áirítear an Fhoireann Bainistíochta Acadúla agus an Coiste Seasta Acadúil. Tagann an Chomhairle Acadúil le chéile go rialta chun tuairiscí ó na croí-aonaid acadúla agus tacaíochta acadúla go léir a mheas, agus chun cinntí a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le polasaí, nósanna


imeachta agus pleanáil acadúil.

Tugann an Chomhairle Acadúil comhairle d'Údarás na hOllscoile freisin maidir le cúrsaí acadúla,

trí thuairiscí foirmiúla rialta d'Údarás na hOllscoile.

Chomh maith leis na freagrachtaí acadúla atá leagtha amach i bpointe 2 thuas, tá roinnt feidhmeanna tábhachtacha ag an gComhairle Acadúil:

- Comhairle a thabhairt d'Údarás na hOllscoile ar gach Reacht agus Rialachán, lena n-áirítear iad siúd a chinneann rialachas acadúil agus struchtúir bhainistíochta na hOllscoile
- Treo acadúil maidir le deiseanna straitéiseacha éagsúla lena n-áirítear freagra na hOllscoile ar thionscnaimh Ardoideachais faoi stiúir na hearnála, Pleanáil Straitéiseach, gníomhaíochtaí Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe etc.
- Is í an Chomhairle Acadúil an comhlacht cinnteoireachta deiridh do phríomhchoistí lena n-áirítear an Buanchoiste, an Fhoireann Bainistíochta Acadúla, Coistí éagsúla a dhéanann maoirseacht ar Eispéireas na Mac Léinn, etc.
- Polasaí acadúil a bhaineann le gach gné de chláir oibre taighde agus teagaisc & foghlama na hOllscoile
- Tugann an Chomhairle Acadúil comhairle d'Údarás na hOllscoile maidir le mionsonraí scéimeanna éagsúla ardaithe céime agus dul chun cinn acadúil agus struchtúir gráid acadúla




**Fíor 1: Struchtúr eagraíochta do chroíchoistí Acadúla**